Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 10 Meitheamh 2025
(OR. en)**

**9582/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:
2025/0094 (NLE)**

**ECOFIN 628
UEM 177
FIN 590
*ECB*
*EIB***

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Téarnamh eacnamaíoch san Eoraip – Cinntí Cur Chun Feidhme ón gComhairle faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (Bunús dlí: Airteagal 20 de Rialachán (AE) 2021/241)<br>− Glacadh |

1. Le Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021, mar a leagtar amach in 10150/21 + ADD 1 REV 2 é, formheasadh an measúnú dearfach ar phlean téarnaimh agus athléimneachta don Spáinn i gcomhréir le hAirteagal 20(1) de Rialachán (AE) 2021/241.

2. Leasaíodh an Cinneadh Cur Chun Feidhme sin ón gComhairle ina dhiaidh sin an 17 Deireadh Fómhair 2023, de bhun Airteagal 18(2) de Rialachán (AE) 2021/241, mar a leagtar amach in 13695/23 REV 1 + ADD 1 REV 1, an 14 Bealtaine 2024 de bhun Airteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2021/241, mar a leagtar amach in 9303/24+ ADD 1, an 21 Eanáir 2025 de bhun Airteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2021/241, mar a leagtar amach in 17099/24 + ADD 1 agus an 13 Bealtaine 2025 de bhun Airteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2021/241, mar a leagtar amach in 8053/25 + ADD 1.

3. An 20 Bealtaine 2025, rinne an Spáinn iarraidh réasúnaithe ar an gCoimisiún togra a dhéanamh le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2021/241, ós rud é nach féidir an plean téarnaimh agus athléimneachta a bhaint amach ina iomláine a thuilleadh de bharr imthosca oibiachtúla. Ar an mbonn sin, tá plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe curtha isteach ag an Spáinn.

4. Rinne an Coimisiún measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241. Measann an Coimisiún nach ndéanann na leasuithe a chuir an Spáinn chun cinn difear don mheasúnú dearfach maidir leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 i ndáil le hábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

5. Mheas an Coimisiún go gcomhlíonann an plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe go sásúil na critéir le haghaidh measúnú a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/241, i gcomhréir le hAirteagal 20(2) den Rialachán sin agus le hIarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán, na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta is gá chun an plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a chur chun feidhme, na garspriocanna, spriocanna agus táscairí ábhartha, agus nach bhfuil aon athrú ar an ranníocaíocht airgeadais a chuirtear ar fáil don Spáinn.

6. Ós mar sin atá, ag gníomhú dó ar bhonn Airteagal 20(1) de Rialachán (AE) 2021/241, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle an 26 Bealtaine 2025 togra le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) an 13 Iúil 2021 maidir leis an measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta don Spáinn a fhormheas, mar a leagtar amach in 9490/25 agus 9490/25 ADD 1 é.

7. Scrúdaigh Meitheal na gComhairleoirí Airgeadais an togra an 10 Meitheamh 2025 agus tháinig sí ar chomhaontú maidir leis an téacs, faoi réir athbhreithniú dlí agus teanga.

8. Déantar téacs an Chinnidh Cur Chun Feidhme ón gComhairle, mar a chuir na dlítheangeolaithe bailchríoch air, a leagan amach in 9583/25 agus 9583/25 ADD 1.

9. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an méid seo a leanas a dhéanamh:

- a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis na téacsanna seo a leanas, mar a chuir na dlítheangeolaithe bailchríoch orthu:
  a) Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 maidir leis an measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta don Spáinn, a fhormheas, mar a leagtar amach in 9583/25 é agus
  b) Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 maidir leis an measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta don Spáinn a fhormheas, mar a leagtar amach in 9583/25 ADD 1 é, agus
- a mholadh don Chomhairle an Cinneadh thuasluaite, mar aon leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis, a ghlacadh mar 'mír-A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo.